

Comhdháil

Padraic Reaney - Leaving Home - The Priest's Blessing II [An Gorta-Mór]



CONAMARA: EISIMIRCE & TÍRDHREACH

23-25 Aibreán 2015
An Teach Cúirte, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe

Tá comhdháil dar teideal Conamara: Eisimirce & Tírdhreach á heagru ag Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe

Déardaoin an 23 Aibreán 2015

8:00in Oscailt Oifigiúil na Comhdhála agus seoladh M'áit Dhúchais – 'My Native Place' ag an gComhairleoir Mary Hoade, Cathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe

Eolas Faoin Taispeántas

Is é atá in 'M'áit dhúchais – My Native Place' ná taispeántas a thugann léargas ar théama na heisimirce agus an tírdhreacha i gConamara agus é á chur i láthair ag uachtarARTS agus a gcairde

Dé hAoine an 24 Aibreán 2015

10:00am - 10:30am Clárú agus Caife

Cainteoirí:

10:30rn - 11:30rn Michael Gibbons 'Tírdhreacha 18ú & 19ú hAois Cailte Chonamara'

11:30rn - 12:30in An Dr Gerard Moran 'Scéimeanna Eisimirce Chuidithe Tuke ó Uachtar Ard le linn bhlianta na 1880-idí: Ó Bhochtaineacht go Rathúnas'

12:30in - 1:30in Lón sa Boat Inn, Uachtar Ard

1:30in - 2:30in An Dr Regina Donlon 'I ain't sorry for leaving Ireland: iarmhairtí scéim eisimirce cuidithe an Uas. Tuke, 1880-1930'

2:30in - 3:30in Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard 'Comhroinnt na nIarmhairtí'

3:30in - 3:45in Caife

3:45in - 4:45in An Dr Ciara Breathnach, 'Bord na gCeantar Cúng: grianghrafadóireacht, bochtaineacht agus forbairt'

4.45in – 5.00in Fóram Oscailte & Clabhsúr

8.00in – 9.00in Grúpa Scríbhneoirí Uachtar Ard. An Ghealach Chéanna: Léirithe éagsúla ar théama na hEisimirce. Imeacht tábhachtach cruthaitheach saor in aisce atá á eagrú ag Grúpa Scríbhneoirí Uachtar Ard mar léiriú ar théama na heisimirce agus ina mbaintear úsáid as focail, ceol, drámaíocht agus amhránaíocht. to the theme of emigration using words, music, drama and song

Dé Sathairn an 25 Aibreán 2015

9:30rn – 10.30rn Clárúchán i dTeach Cúirte Uachtar Ard, Uachtar Ard

10.30rn – 5.30in 'Léirmhíniú ar Chonamara: Eisimirce & Tírdhreach'
Turas Bus in éineacht le Michael Gibbons



Rosie McGurran - Blue Faced Doll



Dolores Lyne - Green Road, Inishbofin

‘Léirmhíniú ar Chonamara: Eisimirce & Tírdhreach’

Turas Bus in éineacht le Michael Gibbons

Tosóidh an turas ag Teach Cúirte Uachtar Ard agus rachaidh na cuairteoirí trí tírdhreach na Léime agus an Tí Dhóite agus tabharfar cuairt ar Ghleann an Tí Dhóite atá clúdaithe le hiarsmaí tírdhreacha chaillte de chuid an 19ú haois. Beidh deis ag na rannpháirtithe féachaint ar fhothrach caisil agus ar charraig Aifrinn. Ina dhiaidh sin, stopfar ag ceallúrach uaigneach ar chladach an Chaoláire Rua, gar d’eas Eas Liath.

Tabharfar cuairt ar an Lónán áit a mbeidh deis chun féachaint ar an sean-sráidbhaile os cionn an óstáin agus, freisin, féachaint ar áit ina raibh cabhlach an Atlantaigh ar ancaire sa bhliain 1907. Ansin rachfar i dtreo an Chaoláire Bhig agus tabharfar cuairt ar reilig Shalroic agus ar an tobar beannaithe a bhaineann léi agus beidh siúlóid ghairid ann feadh an bhóthair faoisimh is drámatúla dár tógadh in Éirinn.

Beidh deis ag daoine féachaint ar fhoraois 4000 bliain d’aois ar thaobh an bhóthair agus, ina dhiaidh sin, leanfar ar aghaidh chuig eastát an Bhlácaigh agus rachfar thar theach cónaithe Theaghlach Wilde. Ina theannta sin, feicfidh an grúpa caisleán agus teach Rinn Mhaoile; is ansin a chaith Yeats agus a chéile mí na meala. Ar thaobh Chnoc Leitreach feicfidh an grúpa ceann de na tírdhreacha ón 19ú hAois is fearr caomhnaithe sa chontae. Rachaidh an turas fillte trí Leitir Fraic, Caisleán na Coille Móire agus Gleann Eidhneach.

Tabhair do d’aire le do thoil:

Lón

Beidh lón éadrom picnice ar fáil ach má tá aon riachtanais speisialta agat ó thaobh bia de iarrtar ort do lón féin a thabhairt leat.

Éadaí & Coisbheart

Iarrtar ort éadaí báistí agus bróga oiriúnacha siúil a thabhairt leat.



BEATHAISNÉISÍ

Oidhreacht Uachtar

Grúpa deonach is ea Grúpa Oidhreacht Uachtar Ard agus tá sé bunaithe mar cheann de na príomhghrúpaí i dtaca le digitíú agus comhroinnt oidhreacht pobail. Tá léiriú le fáil air sin ar a láithreán gréasáin a bhfuil duaiseanna buaite aige: www.oughterardheritage.org

I gcomhpháirtíocht le hOifig Oidhreacht Chontae na Gaillimhe agus Ard-Mhúsaem na hÉireann-Saol na Tuaithe, déanann an grúpa pobail eile a oiliúint maidir leis an ábhar tábhachtach seo, agus tugann sé comhairle dóibh.

uachtarARTS

Is Grúpa Ealaíon Pobail é uachtarARTS agus bunaíodh sa bhliain 2008 é chun imeachtaí ealaíon pobalbhunaithe a fhorbairt. Tá sé mar aidhm aige próifíl na n-ealaíon i gceantar Uachtar Ard a ardú, tacú le healaíontóirí agus le ceardaithe agus forbairt a dhéanamh ar bhealaí nuálacha chun daoine áitiúla a chur i dteagmháil leis na healaíona. Fuair an grúpa Gradam an Chathaoirligh i leith Ealaíon agus Cultúir sa bhliain 2014. I measc na n-ealaíontóirí atá ag obair ar an tionscadal seo, áirítear iad seo a leanas: Leah Beggs, Renske Boef, Brian Bourke, Denis Farrell, Kathleen Furey, Doc Gilbert, Margaret Irwin West, Dolores Lyne, Jay Murphy, Gearoid MacGabhann, Rosie McGurran, Patricia McQuinn, Colette NicAodha, Catherine O'Lenachain, Cormac O'Neill, Siobhan Potter, Chris Mayhew, Pádraic Reaney, Joan Sugrue, Jess Walsh & Tara Walsh.

Grúpa Scríbhneoirí Uachtar Ard

Tá Grúpa Scríbhneoirí Uachtar Ard ar oscailt do gach duine. Tá sé mar aidhm fhoriomlán ag an ngrúpa deis rialta a chur ar fáil do dhaoine chun teacht le chéile agus scríbhneoireacht a dhéanamh agus nithe atá scríofa acu a pháirtiú lena chéile ar mhodh tuisceanach, dearfach, neamhcháinteach. I measc na rannpháirtithe, áireofar iad seo a leanas: Helena Burke, John Cronin, Kathleen Furey, Nicola Geddes, Margaret Larminie, Chris Mayhew, Matt Molloy, Pete Mullineaux, Jack McCann, Elizabeth Power, Louise Felton, Nella Ní Neachtain agus Jess Walsh.

Michael Gibbons

Tá eolas Michael ar ardchríocha agus ar oileáin na hÉireann bunaithe ar thaithí níos mó ná tríocha bliain ar staidéar a dhéanamh ar thórdhreacha ilghnéitheacha na tíre de shiúl na gcos, i mbáid agus ón aer. Mar thoradh ar an taithí sin, tá sé in ann turais seandálaíochta, cultúir agus siúil den chineál is suimiúla dá bhfuil ar fáil in Éirinn a eagrú. As Conamara ó dhúchas é Michael Gibbons, agus tá sé i measc phríomhsheandálaithe na hÉireann chomh maith lena bheith ina scríbhneoir, ina chraoltóir agus ina shléibhteoir.

Tá Michael ina iar-stiúrthóir ar chlár shuirbhéireachta seandálaíochta, idir chlár áitiúla agus chlár náisiúnta. Tá obair de chineál eile déanta aige a bhaineann le taighde ar an traidisiún oilithreachta in Éirinn. Chaith sé trí sheasúr mar stiúrthóir allamuigh le linn suirbhéireacht agus tochailt a dhéanamh ar mhullach Chruach Phádraig i gContae Mhaigh Eo agus, le linn na tréimhse sin, ba ghnách leis dreapadh suas go hairde 2,510 dtroigh gach maidin chun a ionad oibre a bhaint amach!

Leah Beggs 2015 - Do You Want to Be Buried With My People?

Tá obair déanta ag Michael in áiteanna éagsúla amhail Fásach Negev, Síonáí na hÉigipte agus deisceart na Gréige. Tá léachtaí tugtha aige ar fud na hÉireann, in Oxford agus in Cambridge, sa Mhúsaem Muirí in Sydney agus in Ollscoil Melbourne, in Ollscoil Harvard agus san Institiúid Smithsonian in Washington D.C.

Tá páirt lárnach glactha aige san iliomad clár teilifíse agus raidió faoi Chonamara, faoi Oileáin Árann agus faoi Ardchríocha na hÉireann. Ina measc siúd, áirítear cláir de chuid CNN, SKY TV, RTÉ, UTV, TnaG, BBC TV, BBC Radio 4 agus PBS, agus, le déanaí, ba thaighdeoir é le haghaidh sraithe de chuid an BBC faoi Stair na Breataine a bhí á cur i láthair ag Simon Schama, gan trácht ar ról taighde a bheith aige i ndáil le le 'Monty Halls Great Irish Escape' ar an BBC.

D'oibrigh sé mar thaighdeoir ar an tsraith dar teideal 'Irish in America: The Long Journey Home'. Chomh maith leis sin, rinne sé sraith ocht gclár a chur i láthair do theilifís na hÉireann ar cláir iad a bhain leis an ngorta mór in Éirinn. Rinne Éamonn de Builtear, a bhí ina mhórsceannánóir, scannán faisnéise faoi Michael dar teideal 'Connemara in Antiquity'.

I measc na bhfionnachtana atá déanta aige le déanaí maidir le seandálaíocht mhuirí agus ardchríche áirítear nithe a bhaineann le http://en.wikipedia.org/wiki/Skellig_Michael, ar láithreán oidhreacht domhanda é, le sraith gaistí éisc agus le cuanta agus céanna ársa i gConamara, mar aon le sraith tuamaí meigiliteacha, galláin agus roinnt dúnta ársa tábhachtacha.

Tarraingíodh aird air i roinnt alt nuachtáin agus tá na hailt is déanaí díobh sin le fáil san *Irish Times* agus san *Economist*.

An Dr Gerard Moran

Tá an Dr Gerard Moran ina chomhordaitheoir Staire sa Scoil Eorpach i Lacken, sa Bhrúiséal, agus ba léachtóir é i Roinn na Staire in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, áit ar bhunaigh sé clár MA i Stair na hÉireann ar clár é a raibh sé ina Stiúrthóir air. I measc na n-ábhar spéise atá aige, ó thaobh an taighde de, áirítear diaspóra na hÉireann, an Gorta Mór agus caidrimh idir tiarnaí talún agus tionóntaí in Éirinn. Is é údar *Sending Out Ireland's Poor: Assisted Emigration from Ireland in the Nineteenth Century* (Baile Átha Cliath, 2004) é agus tá sé ina chomheagarthóir ar *Galway: History and Society* (Baile Átha Cliath, 1996) agus *Mayo: History and Society* (Baile Átha Cliath, 2014).

An Dr Regina Donlon

Fuair an Dr Regina Donlon céim PhD ó Ollscoil Mhaigh Nuad sa bhliain 2014. Faoi láthair, tá sí ag obair mar Ánra Taighde iar-Dhochtúireachta sa Chomhairle um Thaighde in Éirinn ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit a bhfuil taighde á dhéanamh aici ar eisimirce chuidithe ó iarthar na hÉireann go Meániarthar Mheiriceá le linn na tréimhse ó 1880 go 1930. I measc na n-ábhar spéise atá aici, ó thaobh an taighde de, áirítear diasporaí na hÉireann agus na hEorpa, stair Mheiriceá le linn ré na hAtógála agus trasnáisiúnachas.



Brian Bourke - The Back Field

An Dr Ciara Breathnach

Tá an Dr Ciara Breathnach, FRHistS, ina léachtóir le stair in Ollscoil Luimnigh. Tá ábhar foilsithe aici faoi stair shocheacnamaíochta, cultúir agus sláinte na hÉireann. Is í údar *The Congested Districts Board of Ireland, 1891-1923: poverty and development in the West of Ireland* (Baile Átha Cliath, 2005) í, tá sí ina heagarthóir/comheagarthóir ar imeachtaí sé chomhdháil, tá ailt foilsithe aici in *Medical Humanities*, *Medical History*, *Irish Historical Studies*, *Immigrants and Minorities*, *History of Family: an International Quarterly*, *the Journal of Imperial and Commonwealth History*, *Historical Research: the Bulletin of the Institute for Historical Research and Social History*. Bhí sí ina hÁnra Cuairte san Institiúid Taighde Staire i Londain, in Ollscoil Massachusetts, Bostún, agus in Ollscoil Harvard.



Kathleen Furey - First and Minna



Margaret Irwin, etching: Rocks and Cottage, Inishlacken

**Chun áit a chur in áirithe don Chomhdháil & chun Tuilleadh Eolais a fháil:
Déan teagmháil le: oughterardheritage@gmail.com
Uimh. Theil.: 085 165 7496**

Táillí na Comhdhála

Táille don Chomhdháil ar fad: €20

Áirítear an méid seo a leanas sa táille:

Seoladh agus fáiltiú tráthnóna Déardaoin

Léachtaí, caife agus lón Dé hAoine

Turas bus, móide lón picnice, Dé Sathairn

Táille do chuid den Chomhdháil

Seoladh agus Fáiltiú tráthnóna Déardaoin : Saor in Aisce

Léachtaí Dé hAoine, lena n-áirítear
tae/caife agus lón: €10

Turas Bus, tae/caife agus lón picnice Dé Sathairn: €10



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



*This project is supported by The European Agricultural Fund for Rural Development - Europe Investing in rural areas.

